



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2008

Tá *Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2008* á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn an bhliainiris pictiúr cuimsitheach d'Éire inniu. Soláthraíonn sí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan de thopaicí. San áireamh anseo, tá daonra, lucht saothair, oideachas, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, seirbhísí, praghsanna, tithíocht, geilleagar feasachta agus an timpeallacht.

Daoine

- Tá sochaí na hÉireann ag éirí níos éagsúla. Bhí 188 tír léirithe sa daonra nach saoránaigh na hÉireann iad. Mar sin féin bhí 82% díobh seo nár tháinig ach ó 10 dtír: an Ríocht Aontaithe, an Pholainn, an Liotuáin, an Nigéir, an Laitvia, an tSín, an Ghearmáin, na hOileáin Philipíneacha agus an Fhrainc.
- Tháinig méadú ar an líon daoine colscartha ag dul ó 35,000 chuig 59,500 idir 2002 agus 2006, méadú de 70%.
- Ba iad Jack agus Sarah na hainmneacha is coitianta do leanaí i 2007.

Obair

- Ó 1985 go 2007 mhéadaigh líon na ndaoine i bhfostaíocht ó 1.1 milliún go 2.1 milliún.
- I 2007 bhí fostaíocht sa tionscal tógála mar 13% den fhostaíocht iomlán.
- I 2007 níor cailleadh ach 6,038 lá de bharr 6 aighneas tionsclaíoch.

Oideachas

- Ag 19 bliana d'aois, bhí 66% fir agus 48% mná in oideachas lánaimseartha i 2006/2007.
- I 2007 bhí 29,534 múinteoir bunscoile sa stát, mná 84% díobh siúd.
- I 2006/2007 bhí 26,317 múinteoir lánaimseartha comhionann i meánscoileanna.

Coireacht

- Tháinig méadú dhá thrian ar choireanna dúnmharathe idir 2003 agus 2007.
- Bhí thart ar 40% d'íospartaigh baineann d'ionsaí gnéis/ éigniú i 2007 san aoisghrúpa 16-25.
- I 2007 baineadh leas as sceana nó ionstraimí géara i dtrian de robálacha/trombhuirgléireachtaí.

Eile/...

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Website www.cso.ie
LoCall 1890 313 414 Email information@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555
01 498 4000 Suíomh Gréasáin www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost information@cso.ie

Geilleagar

- Mhéadaigh iasachtú ó Institiúidí creidmheasa don earnáil phearsanta (teaghlaigh phríobháideacha) go dtí os cionn €148bn i 2007 ó €134bn i 2006 ach mhoilligh luas an fháis i gcomparáid le blianta roimhe sin.
- Rinneadh taifead ar easnamh €10.3 billiún sa chuntas reatha de chomhardú na n-íocaíochtaí i 2007. Bhí meáneasnamh €4.6 billiún le cúig bliana anuas.
- Bhí farasbarr €554m i gceist le hiarmhéid Ginearálta an Rialtais i 2007 i gcomparáid le farasbarr €5,213m i 2006.

Turasóireacht/lompar

- Rinneadh 154,741 tástáil tiomána i 2006, le ráta pas iomlán de 52%.
- Ba é an líon is airde de charranna nua príobháideacha a bhfuair ceadúnas don chéad uair, aicmithe de réir cineáil, ná Toyota (27,030), Volkswagen (21,087) agus Ford (20,027).
- I 2007 bhí caiteachas na gcónaithe ó thíortha Eorpacha eile níos mó ná caiteachas na gcónaithe ón mBreatain Mhór don chéad uair.

Tithíocht

- Idir 2000 agus 2007, tháinig méadú 130% ar chaiteachas caipitiúil poiblí ar thithíocht.
- Tháinig méadú 57% ar líon na dtithe cónaithe a críochnaíodh idir 2000 agus 2007.
- Ba é 20.4% an ráta is airde d'ardú praghais a bhí ag an earnáil tithíochta, leictreachais, gáis agus breoslaí eile i 2007.

Geilleagar Feasachta

- D'fhostaigh an earnáil TFC os cionn 82,700 duine i 2005.
- Ar an iomlán, bhí rochtain ag 57% de theaghlaigh Éireannacha ar an idirlíon sa chéad ráithe i 2007. Bhí nasc leathanbhanda ag beagnach 31% de theaghlaigh.
- Bhí suíomh gréasáin nó leathanach baile ag beagnach dhá thrian de na gnólachtaí le 10 bhfostaí nó níos mó i 2007.

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chuidigh leis na sonraí a bhailiú don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann a chuir ábhar ar fáil don Aguisín.

Tá an téacs iomlán don Bhliainiris Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

http://www.cso.ie/releasespublications/statistical_yearbook_ireland_2008.htm

Is féidir An Bhliainiris 2008 a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Rannóg Faisnéise, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

nó trí aon díoltóir leabhar

Le haghaidh breis eolais, téigh i dteagmháil le: Eamonn Dorney (021 453 5036) Facs 021 453 5555 r-phost: information@cso.ie

– CRÍOCH –